Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 14 Deireadh Fómhair 2019**
**(OR. fr)**

**12968/19**

**COAFR 205**
**CFSP/PESC 772**
**COHOM 116**
**COHAFA 86**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 14 Deireadh Fómhair 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12666/19 |
| Ábhar: | Camarún<br>- Conclúidí ón gComhairle (14 Deireadh Fómhair 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Camarún, a ghlac an Chomhairle ag an 3720ú cruinniú a bhí aici ar an 14 Deireadh Fómhair 2019.

**IARSCRÍBHINN**

## Camarún

## Conclúidí ón gComhairle

1. Is díol sásaimh don Aontas é gur cuireadh deireadh leis na himeachtaí breithiúnacha os comhair na gcúirteanna míleata i gcoinne Maurice Kamto agus cuid de lucht tacaíochta a pháirtí, Gluaiseacht Athbheochana Chamarún, agus i gcoinne daoine a gabhadh agus a cuireadh faoi choinneáil i gcomhthéacs na géarchéime i réigiúin thiar thuaidh agus thiar theas Chamarún. Comhartha suntasach dea-thola atá sna cinntí sin.

2. Trí bliana tar éis don ghéarchéim titim amach, cuireadh an chéad deis ar fáil bealaí a aimsiú chun teacht as an ngéarchéim ar bhonn inbhuanaithe, nuair a eagraíodh idirphlé náisiúnta in Yaoundé le déanaí. Molann an tAontas go leanfaí ar aghaidh leis an bpróiseas sin, d'fhonn freagairtí a thabhairt ar ionchais dhlisteanacha na ndaoine, agus rannpháirtíocht na ngníomhaithe ábhartha uile laistigh den tír agus ón diaspóra a neartú ag an am céanna, lena n-áirítear mná, ógánaigh agus an tsochaí shibhialta.

3. Meabhraíonn an tAontas a thábhachtaí atá sé cearta an duine, an smacht reachta agus saoirsí bunúsacha shaoránaigh Chamarún a urramú agus a chur chun cinn. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar údaráis agus institiúidí Chamarún gníomhú ar bhealach comhréireach, agus na hoibleagáidí a eascraíonn as Bunreacht Chamarún agus na conarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, a ghlac Camarún dó féin á n-urramú acu. Go háirithe, ní mór prionsabal na rochtana ar an gceartas agus an ceart chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách a urramú. Measann an tAontas, tráth atá srian mór ar an spás polaitiúil, go bhfuil urraim don tsaoirse comhthionóil, don tsaoirse tuairimí a nochtadh agus do rannpháirtíocht na sochaí sibhialta sa díospóireacht phoiblí ríthábhachtach d'aon stát daonlathach iolraíoch. Mar gheall air sin, molann an tAontas go mbeadh cead ag lucht freasúra Chamarún ina iomláine a thuairimí a nochtadh go hoscailte, i gcomhréir leis an dlí, agus páirt a ghlacadh gan bhac i bpróiseas an idirphlé náisiúnta agus sna toghcháin bhardasacha agus sna holltoghcháin atá le bheith ar siúl in 2020.

4. Tá imní fós ar an Aontas agus cáineann sé go géar an foréigean seasta agus leibhéal na héiginnteachta i réigiúin thiar thuaidh agus thiar theas Chamarún, go háirithe i gcoinne an phobail shibhialta. Tuairiscítear de shíor sáruithe iomadúla tromchúiseacha ar chearta an duine agus tá coiriúlacht de chineál creachach tagtha ar an bhfód. De réir Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, rinneadh mí-úsáidí móra millteacha amhail gabhálacha agus coinneáil threallach, tithe a chur trí thine, úsáid iomarcach brú i gcoinne sibhialtach agus foréigean gnéasach. Tá an ghéarchéim dhaonnúil ag dul in olcas agus méadú ag teacht ar líon na ndaoine nach bhfuil an dara rogha acu ach dul ar deoraíocht. Tá gar do 42 000 dídeanaí sa Nigéir agus 530 000 duine easáitithe ina dtír féin sna réigiúin thiar thuaidh agus thiar theas. Tá tionchar láidir ag an méid sin ar an staid eacnamaíoch freisin.

5. Meabhraíonn an tAontas príomhfhreagracht údaráis Chamarún as pobal na tíre a chosaint agus as an tslándáil. Ní mór an rochtain atá ag gníomhaithe daonnúla agus oibrithe i réimse na sláinte ar an bpobal atá thíos leis a chinntiú. Ní mór an comhrac i gcoinne na saoirse ó phionós agus cúiteamh do na híospartaigh uile a ráthú ina theannta sin.

6. Ní réiteofar na fadhbanna seo trí dhul i muinín an fhoréigin. Athdhearbhaíonn an tAontas gur gá do na páirtithe go léir i gCamarún an smacht reachta a urramú agus an ghéarchéim seo a réiteach go síochánta trí idirphlé cuimsitheach. Leanfaidh an tAontas, ag obair i ndlúthchomhordú lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta agus ón réigiún, de thacú leis na hiarrachtaí go léir lenar féidir an borradh sin a atreisiú, amhail an obair éascaithe atá ar bun ag údaráis na hEilvéise.

7. Athdhearbhaíonn an tAontas, ina theannta sin, a thiomanta atá sé d'fhorbairt eacnamaíoch agus do chobhsaíocht Chamarún mar chomhpháirtí ag an gcrosbhóthar idir an tSaiheil agus an Afraic Láir agus gníomhaí tábhachtach sa chomhrac i gcoinne Boko Haram agus sa phróiseas síochána i bPoblacht na hAfraice Láir. Beifear in ann an comhar sin a neartú, lena n-áirítear na gnéithe trádála agus infheistíochta a bhaineann leis, má chuirtear feabhas ar chobhsaíocht Chamarún. Tá súil ag an Aontas go mbeidh teacht ag Camarún ar na slite agus modhanna chun athbheochan náisiúnta a bhaint amach lena mbunófar an t-athmhuintearas inbhuanaithe a bhfuil géarghá leis sa tír sin.

8. Beidh an tAontas tiomanta i gcónaí d'fhreagairt ar riachtanais dhaonnúla na bpobal atá buailte agus cuireann sé in iúl an athuair go bhfuil sé fíorthábhachtach rochtain dhaonnúil shábháilte gan bhac a ráthú don tír ina hiomláine.